

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

Iarratasóir: LB

Cosantóir: Smetna palata na Republika Bulgaria

**An chuid oibríochtúil**

- 1) Ní mór Airteagal 58(1) agus (4) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2365 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2017 a léirmhíniú sa chiall nach gcuireann sé cosc, i gcomhthéacs nós imeachta chun conradh poiblí a dhámhachtain, ar údarás conarthach ceanglais níos déine ná na híoscheanglais a leagtar síos le rialacháin náisiúnta a fhorchur, faoi na critéir roghnúcháin a bhaineann le hacmhainneachtaí teicniúla agus gairmiúla oibreoirí eacnamaíocha, ar choinníoll go bhfuil ceanglais den sórt sin oiriúnach chun a ráthú go bhfuil na scileanna teicniúla agus gairmiúla is gá ag iarrthóir nó ag tairgeoir chun an conradh a dhámhfar a chomhlíonadh, cibé an bhfuil baint acu le hábhar an chonartha agus an bhfuil siad comhréireach leis.
- 2) Ní mór Airteagal 8(3) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint, arna léamh i gcomhar le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coitianta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir le Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle a léirmhíniú sa chiall nach gcuireann sé cosc, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ar údarás náisiúnta a chosnaíonn leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh measúnú difriúil a dhéanamh ar na himthosca céanna i nós imeachta chun conradh poiblí a dhámhachtain.

(<sup>1</sup>) IO C 228, 14.06.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 31 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón  
Verwaltungsgerichtshof – an Ostair) – IA v Bundesamt für Fremdenwesen und Asyl**

(Cás C-231/21) (<sup>1</sup>)

*(Tarchur chun réamhrialú – Réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais – Córas Bhaile Átha Cliath – Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 – Airteagal 29(2) – An t-iarrthóir ar thearmann a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta – Teorainn ama sé mhí le hiarratasóir a aistriú – Féidearthacht síneadh suas go bliain amháin ar a mhéid a chur leis an teorainn ama sin a shíneadh i gcás príosúnachta – Coincheap na “príosúnachta” – An t-iarrthóir ar thearmann a chur go héigeantach in aonad síciatrach ospidéal le húdará breitheamh)*

(2022/C 207/08)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

Iarratasóir: IA

Cosantóir: Bundesamt für Fremdenwesen und Asyl

### An chuid oibríochtúil

Ní mór an dara habairt d'Airteagal 29(2) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát a léirmhíniú sa chiall nach bhfuil coincheap na “príosúnachta”, dá dtagraítear san fhoráil sin, infheidhme maidir le hiarrthóir ar thearmann a chur go héigeantach in aonad síciatrach ospidéal, arna údarú le cinneadh cúirte ar na forais gur bagairt an duine sin, mar gheall ar mheabhairghalar, dó féin nó don tsochaí.

(<sup>1</sup>) IO C 242, 21.06.2021

---

### Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 10 Eanáir 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht Hamburg – an Ghearmáin) – EL, CP v Ryanair DAC

(Cás C-287/20) (<sup>1</sup>)

*(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Aeriompar – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Airteagal 5(3) – Rialacha coiteanna i dtéarmaí cúitimh agus cúnaimh do phaisinéirí i gcás eitilte a chur ar ceal nó i gcás moille fada ar eitilt – Díolúine ón oibleagáid slánaíochta – Coincheap “toisc urghnách” – Stailc foirne cábáin agus píolótaí – Imthosca “inmheánacha” agus “seachtracha” maidir le gníomhaíocht an aeriompróra atá ag feidhmiú – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagail 12 agus 28 – Airteagail 12 agus 28 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Éagmais cur isteach ar shaoirse tionóil agus comhlachais oibrithe agus ar cheart an aeriompróra dul i mbun caibidlíochta)*

(2022/C 207/09)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

### An chúirt a rinne an tarchur

Amtsgericht Hamburg

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: EL, CP

Cosantóir: Ryanair DAC

### An chuid oibríochtúil

Ní mór Airteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnaimh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 a léirmhíniú sa chiall nach dtagann gluaiseacht stailce arna dtionscnamh ar ghlaio ceardchumann foirne cábáin agus píolótaí aeriompróra atá ag feidhmiú agus a bheartaítear chun éilimh na n-oibrithe sin a chothú faoin gcoincheap “toisc urghnách”, de réir bhrí na forála sin, agus nach bhfuil caibidlíochtaí arna ndéanamh roimhe sin le hionadaithe na n-oibrithe maidir leis sin ábharthach, más ann dóibh.

(<sup>1</sup>) IO C 279, 24.08.2020